SCRÚDUIMHIR ☞

Iomlán na Marcanna

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## (270 MARC)

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.** **(40 marc)**

**1.** **AR DÍOL: RÍOMHAIRE ÚRNUA**
**Praghas Réasúnta**
**Glaoigh ar Sheán : 2242343**

**2.** **PLUIMÉIR AR FÁIL**
**Go moch is go mall**
**Fón: 238470**

**3.** Comórtas Amhránaíochta
Halla na Tulaí - 3.00pm
Táille Iontrála: £3

**4.** Crannchur Mór an Pharóiste
Tarraingt: Dé hAoine 7.30pm

**5.** **Taispeántas Faisin**
**Amharclann an Gheata**
**Dé Domhnaigh 8.00p.m.**

**6.** Rúnaí ag Teastáil
Scileanna Oifige Riachtanach
Seol CV chuig Bosca 152

**7.** **Árasán ar Díol - Lár na Cathrach**
**Fón: 10/2547563**


**8.** **Cúrsa Seoltóireachta**
**Caladh Dhún Laoghaire**
**Ag tosú: 13 Lúnasa, 2001**


**9.** **Scrúdú Adhmadóireachta**

**10.** Ionad Garraíodóireachta na Cille
Plandaí, Troscán Gairdín,Potaí

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. **(25 mharc)**

Cló Iar-Chonnachta,
Indreabhán,
Conamara.

Seán de Paor,
Baile Locha Riach,
Co. na Gaillimhe.

10 Aibreán, 2001

A Sheáin, a chara,

Go raibh maith agat as do litir den 22 Márta agus as an gcóip de do C.V. a bhí istigh léi.

Bheimid an-sásta ar fad taithí oibre a thabhairt duit anseo le Cló Iar-Chonnachta ar feadh an tsamhraidh. Mar is eol duit is ag foilsiú leabhar agus dlúthdhioscaí ceoil is mó a bhíonn Cló Iar-Chonnachta. Bíonn cúnamh breise ag teastáil i rith an tsamhraidh.

Bhí sé go deas a fheiceáil go bhfuil Gaeilge mhaith agus scileanna ríomhaireachta agat cheana féin. Is iontach an dá scil iad sin don obair seo.

Tuigimid go mbeidh tú ag déanamh na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh. Go n-éirí sin leat. Is fearr fanacht go tús mí Iúil sula dtosaíonn tú ag obair anseo.

Is féidir linn cúrsaí airgid agus sonraí eile a shocrú amach anseo.

Le dea-mhéin,

*Pádraic Ó Cualáin*,
Pádraic Ó Cualáin

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil Seán ina chónaí ?

| | |
|---|---|
| i mBaile Locha Riach | |
| i nGaillimh | |
| i gConamara | |

**2.** Cén mhí ar scríobh Cló Iar-Chonnachta freagra ar litir Sheáin?

| | |
|---|---|
| Mí an Mhárta | |
| Mí Aibreáin | |
| Mí an Mheithimh | |

**3.** Céard a bhíonn ag teastáil ó Chló Iar-Chonnachta i rith an tsamhraidh?

| | |
|---|---|
| Leabhair | |
| Dlúthdhioscaí ceoil | |
| Cúnamh breise | |


**4.** Cén scil atá ag Seán cheana féin?

| | |
|---|---|
| Gaeilge mhaith | |
| Cúrsaí airgid | |
| Ceol | |

**5.** Céard a bheidh ar siúl ag Seán i mí an Mheithimh?

| | |
|---|---|
| Taithí oibre | |
| Cúrsa ríomhaireachta | |
| An ardteistiméireacht | |

**(b)** Léigh **an fógra** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(25 mharc)**



## Óstán na Mara
## An Daingean,
## Co. Chiarraí.
**Teileafón: 061-12920**

***'Ní bheidh ár leithéid arís ann'.***

Sula gcuireann tú saoire in áirithe thar lear i mbliana, glaoigh orainne anseo ag **Óstán na Mara**. Tá pacáistí tarraingteacha againn don chlann ar fad.

Bain leas as ár n-ionad nua fóillíochta. Téigh ag snámh sa linn snámha fhairsing. Sín siar sa *jacuzzi* agus lig do scíth.

Déan dearmad ar na leanaí - lig do Chlub na nÓg aire a thabhairt dóibh. Bainfidh siad an-taitneamh as na himeachtaí a bhíonn ar siúl ag Club na nÓg gach lá. Beidh saoire mhaith ag gach uile dhuine in **Óstán na Mara**.

Imir galf, leadóg, nó téigh ag siúl sna sléibhte nó cois farraige. Caith laethanta taitneamhacha sa Daingean, ag spaisteoireacht agus ag siopadóireacht. Téigh ar turas báid chuig oileán an Bhlascaoid Mhóir nó téigh sa tóir ar Fungie, an deilf is cáiliúla i bhfarraigí na hÉireann.

Ith béilí blasta inár mbialann, **'An Béal Bocht'**. Bain sult as oícheanta draíochtúla ceoil.

Tuilleadh Eolais: www.óstánnamara.ie

**<u>Ceisteanna</u>:**

1. Cá bhfuil Óstán na Mara ?

| | |
|---|---|
| thar lear | |
| sa Daingean | |
| ar an mBlascaod Mór | |

2. Cé dó a bhfuil pacáistí tarraingteacha ann?

| | |
|---|---|
| do Chlub na nÓg | |
| do na leanaí | |
| don chlann ar fad | |

3. Cé orthu ar féidir dearmad a dhéanamh?

| | |
|---|---|
| na sléibhte | |
| na béilí | |
| na leanaí | |

4. Cá mbíonn Fungie le feiceáil?


| | |
|---|---|
| sa linn snámha | |
| san fharraige | |
| san jacuzzi | |

5. Cén t-ainm atá ar an mbialann?

| | |
|---|---|
| Fungie | |
| Óstán na Mara | |
| An Béal Bocht | |

**(c)** Léigh **an sliocht** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(25 mharc)**

# Christy Moore



Rugadh Christy Moore ar an 7 Bealtaine 1945 sa Droichead Nua, Co. Chill Dara. Duine de sheisear páistí is ea Christy. Is deartháir é le Barry Moore, nó Luka Bloom mar is fearr aithne air. Cailleadh athair Christy go tobann i 1956 nuair nach raibh Christy ach aon bhliain déag d'aois. Ó bhí sé an-óg, d'fhoghlaim sé amhráin óna mháthair, Nancy.

Chaith Christy trí bliana ag obair leis an mBanc Náisiúnta i gCluain Meala, Co. Thiobraid Árann. Ansin, i 1966 chuaigh sé go Londain, áit ar thosaigh sé ar a ghairm mar cheoltóir.

Seoladh a chéad albam, dar teideal *'Paddy on the Road'* i 1969. Ó shin i leith tá os cionn 30 albam déanta aige. Tháinig an t-albam is deireanaí, dar teideal *'Traveller'* ar an margadh i 1999.

Tá scéal a shaoil scríofa aige le gairid i leabhar dar teideal *'One Voice'*. Sa leabhar neamhghnách seo, roghnaíonn sé na hamhráin is fearr leis agus insíonn gach amhrán díobh a scéal féin.

Tá Christy ina chónaí i mBaile Átha Cliath, lena bhean Valerie agus a dtriúr clainne.

**Ceisteanna:**

**1.** Cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá ag Christy?

| | |
|---|---|
| Seisear | |
| Cúigear | |
| Triúr | |

**2.** Cén aois a bhí Christy nuair a fuair a athair bás?

| | |
|---|---|
| 27 | |
| 11 | |
| 30 | |

**3.** Cén bhliain a ndeachaigh Christy go Londain den chéad uair?

| | |
|---|---|
| 1945 | |
| 1956 | |
| 1966 | |

**4.** Cén teideal atá ar a chéad albam?

| | |
|---|---|
| Paddy on the Road | |
| Nancy | |
| Traveller | |

**5.** Céard atá scríofa ag Christy ina leabhar 'One Voice'?

| | |
|---|---|
| scéal a shaoil | |
| amhráin nua | |
| 30 albam | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(30 marc)**




## Mí-ádh ar Chatherina

Bhí trua ag gach duine don sár-reathaí Éireannach Catherina McKiernan nuair a bhí na Cluichí Oilimpeacha ar siúl i Sydney na hAstráile an samhradh seo caite. Bhí an mí-ádh uirthi gur ghortaigh sí a droim. Ní raibh sí ábalta rith sa mharatón dá bharr. Mar sin féin, chuaigh sí go Sydney agus d'oibrigh sí ina tráchtaire ar na cluichí do RTÉ.

Tá Catherina ag plé le spórt ó bhí sí an-óg. D'imir sí camógaíocht agus cispheil ar scoil agus bhí sí an-mhaith ag an leadóg freisin. Is i 1986 a thosaigh sí ar an lúthchleasaíocht. D'éirigh go maith léi ón tús agus i 1987 bhuaigh sí Craobh Uladh sa rás trasna tíre.

Rith Catherina i maratón den chéad uair i mBeirlín i Meán Fómhair 1997. Tháinig sí sa chéad áit agus bhuaigh sí £30,000! An bhliain ina dhiaidh sin, 1998, bhuaigh sí Maratón Londain.

Is as Corr na Féinne i gCo. an Chabháin do Chatherina. D'oibrigh sí mar theileafónaí le Bardas an Chabháin, sular thosaigh sí ag rith go gairmiúil. Déanann sí traenáil ar an ngalfchúrsa i gCorr na Féinne agus timpeall ar Óstán Shliabh Ruiséil. Tá muintir Chorr na Féinne an-bhródúil aisti, as a gaisce agus as a suáilceas. Nach acu atá an ceart ar fad!

**Ceisteanna:**

**1.** Cad as do Chatherina McKiernan?

| | |
|---|---|
| Éire | |
| An Astráil | |
| Londain | |

**2.** Cén fáth nach raibh Catherina ábalta rith sa mharatón i Syndey?

______________________________________________________________

**3.** Céard air ar thosaigh Catherina i 1986?

| | |
|---|---|
| an chamógaíocht | |
| an chispheil | |
| an lúthchleasaíocht | |

**4.** Cén bhliain ar bhuaigh Catherina an chéad áit i maratón Bheirlín?


| | |
|---|---|
| 1986 | |
| 1987 | |
| 1997 | |

**5.** Cá raibh Catherina ag obair sular thosaigh sí ag rith go gairmiúil?

| | |
|---|---|
| ar an ngalfchúrsa | |
| le Bardas an Chabháin | |
| in Óstán Shliabh Ruiséil | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(30 marc)**

## Tús Na Carthanachta



Fadó, fadó, bhí riail an-simplí sa saol: 'Mura ndéanfaidh tú obair gheobhaidh tú bás den ocras.'

Mhúin tuismitheoirí an riail sin don naíonán sa chliabhán. Mhúin múinteoirí an riail don leanbh ar scoil. 'Cuimhnigh air seo, mura ndéanfaidh tú obair gheobhaidh tú bás den ocras.'

Sin é an fáth nach raibh leisceoirí ná lucht díomhaoine ar an saol. Bhí daoine sona sásta mar ní raibh cáin le bailiú ná rátaí le díol.

Lá amháin, áfach, bhí fear óg a dúirt leis féin: 'Bíodh an diabhal acu, cad is fiú an obair seo ar fad nuair nach bhfuil seans agam é a ól, fiú amháin'. Shuigh sé síos in aice an droichid chun fáiltiú roimh an mbás.

Thosaigh na daoine ag magadh faoi. Chuireadar geallta lena chéile mar gheall ar dháta a bháis. Nuair nach raibh sé ag fáil bháis bhí ionadh orthu. Tuigeadh dóibh go raibh bia á fháil faoi rún aige.

Oíche amháin chonaic na daoine leanbh ag tabhairt aráin dó. D'ionsaigh siad an leanbh agus thosaigh á chiceáil le binb.

'Bhfuil fhios agat cad atá á dhéanamh agat?' ar siad leis. 'Tá leisce á tabhairt isteach sa saol agat. Leisce! Leisce! Leisce!'

'An é sin an focal céanna ar charthanacht?' a d'fhiafraigh an leanbh.

As: **Leabhar Nóra Ní Anluain**, Alan Titley

**<u>Ceisteanna</u>:**

**1.** Dar leis an riail, gheobhfá bás den …

| | |
|---|---|
| leisce | |
| ól | |
| ocras | |

**2.** Cé dó ar mhúin tuismitheoirí an riail ?

| | |
|---|---|
| don naíonán | |
| don leanbh ar scoil | |
| don leisceoir | |

**3.** Cén fáth a raibh daoine sona sásta ?

____________________________________________________________

**4.** Bhí an fear óg ag fanacht …

| | |
|---|---|
| leis an diabhal | |
| leis an obair | |
| leis an mbás | |

**5.** Céard a dúirt na daoine a bhí an leanbh ag tabhairt isteach sa saol ?


| | |
|---|---|
| carthanacht | |
| leisce | |
| cáin | |

**(c)** Léigh **an dán** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(30 marc)**

## SNAIDHMEANNA

Úlla, oráistí, oinniúin, cairéid,
gach cineál i mála leis féin,
meánn sí nó comhaireann sí iad
is leagann isteach le chéile
i gceann de na málaí móra iad,
mála a cheanglaíonn sí ar ball
le snaidhmeanna dochta dúbailte
a scaoilim sa bhaile ar éigean
is cé go n-iarraim uirthi gan é a dhéanamh
gáire a dhéanann sí fúm,
ag ceangal gach mála le scil
le gur snaidhmeanna á gcur is á scaoileadh
ár gcuid dá chéile ó shin.

(le **Seán Ó Leocháin**)



**Ceisteanna:**

**1.** Céard iad na glasraí atá luaite sa dán?

| | |
|---|---|
| oráistí agus oinniúin | |
| úlla agus oráistí | |
| cairéid agus oinniúin | |

**2.** Céard a dhéanann an bhean leis na málaí?

| | |
|---|---|
| comhaireann sí iad | |
| leagann sí iad | |
| ceanglaíonn sí iad | |

**3.** Cuireann an bhean snaidhmeanna ...

| | |
|---|---|
| ar na málaí móra | |
| ar na horásití | |
| ar an bhfile | |

**4.** Céard a iarrann an file ar an mbean?

________________________________________


**5.** Cad a dhéanann an file leis na málaí sa bhaile?


| | |
|---|---|
| scaoileann sé na snaidhmeanna | |
| comhaireann sé iad | |
| meánn sé na málaí | |


FREAGAIR **<u>GACH</u>** CEIST (4, 5 *agus* 6).


**<u>Ceist 4</u>** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Cén rud ?
Cén áit ?

Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?

Cé hé an t-aoi
speisialta?


Cad a tharlóidh don
airgead ?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**<u>FÓGRA</u>**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.





Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **CUIREADH** chuig Pól ag insint



| | | | |
|---|---|---|---|
| - | Cad a bheidh ar siúl? Cén áit? Cén lá? Cén dáta?<br>Cén t-am? Cén cead isteach? | } | Pict. 1 |
| - | Cad a tharla nuair a chuaigh tú go dtí an bosca teileafóin? | } | Pict. 2 |
| - | Ba mhaith leat go rachadh Pól ann leat. | } | Pict. 3 |
| - | Cad a dhéanfaidh sibh ina dhiaidh sin? | } | Pict. 4 |

<u>**CUIREADH**</u>

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.



Is tusa atá ag obair san Óstán seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint:

- Faoin Óstán agus faoin áit a bhfuil an tÓstán. } Pict. 1
- Faoin obair a dhéanann tú. } Pict. 2
- Faoi na daoine a thagann go dtí an tÓstán. } Pict. 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú ar an deireadh seachtaine } Pict. 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair i ngaráiste.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos.
[**<u>Nóta</u>:** Is tusa Máirtín de Brún]

## Garáiste Uí Néill
### Foirm Iarratais

Ainm: *Máirtín de Brún* Uimhir theileafóin ……………………………………

Seoladh: ……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Aois: …………………………………… Dáta Breithe: ……………………………………

Cén bhliain a rinne tú an Teastas Sóisearach? ……………………………………

Ainmnigh na **trí ábhar scoile** is fearr a thaitin leat ……………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

An bhfuil ceadúnas tiomána agat? ……………………………………

An bhfuil do charr féin agat? ……………………………………

An raibh tú ag obair i ngaráiste cheana? ……………………………………

An mbeadh tú sásta ranganna oíche a dhéanamh ? ……………………………………

An dtuigeann tú conas a oibríonn inneall gluaisteáin? ……………………………………

Cuir ciorcal timpeall ar an dáta i mí na Samhna is fearr leat le haghaidh agallaimh. **10ú, 11ú, 12ú, 17ú**

Luaigh **trí spórt** a thaitníonn leat ……………………………………

Scríobh alt beag (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair i ngaráiste.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Síniú : *Máirtín de Brún*

Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair ag "Féile na Cásca". Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh don 'Nuachtlitir Áitiúil' faoi.

Scríobh an **cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## FÉILE NA CÁSCA



**NÓ**


**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla an **eachtra** seo lá agus tú ar do bhealach go dtí an cleachtadh iománaíochta. Tá tú chun scríobh faoin eachtra seo in "Iris na Scoile" (timpeall 90 focal).


Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.



lá scamallach
camáin agus bróga peile



teach
deatach



dréimire
ghlaoigh



briogáid dóiteáin
seanbhean

**EACHTRA A THARLA**